An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Creat le haghaidh Obair le Chéile

Conairí Tosaigh le haghaidh Comhoibriú agus Obair Chomhpháirteach idir Teiripeoirí Saothair agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga i Scoileanna Speisialta do Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus do Sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gCistiú ag FSS

Samhan 2026

Clár ábhar

Rannán	Leathanach
01 Réamhrá	3
1.1 Forbhreathnú ar an Soláthar Idirghabhála Teiripe i Scoileanna Speisialta	3
1.2 Cúlra	4
1.3 Cuspóir an Doiciméid	5
1.4 Raon Feidhme an Chreata le haghaidh Obair le Chéile	6
1.5 Beartas, Prótacail agus Nósanna Imeachta	6-7
02 An Raon Feidhme Seirbhíse	8
2.1 Réamhrá	8
2.2 An Raon Feidhme Seirbhíse i Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS	8-9
2.3 Nithe nach dTagann faoin Raon Feidhme Seirbhíse i Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS	9
2.4 An Raon Feidhme Seirbhíse i seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS	10
2.5 Cúram Príomhúil	10
2.6 Seirbhísí Míchumais do Leanaí	11
2.7 Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh	12
03 Prionsabail Uileghabhálacha le haghaidh Obair le Chéile	14
3.1 Prionsabail Uileghabhálacha le haghaidh an Chreata seo le haghaidh Obair le Chéile	14-15
04 Prionsabail Oibriúcháin	16
4.1 Prionsabail Oibriúcháin	16-18
05 Rialachas	18
5.1 Forbhreathnú ar Rialachas, agus Réiteach	18
5.2 Fóraim Áitiúla Cur Chun Feidhme	19
06 Cumarsáid agus Modhanna Oibre	20
6.1 Conair Cumarsáide	20
6.2 Faisnéis a Chomhroinnt agus Líonraí a Fhorbairt	20
6.3 Conair le haghaidh Obair le Chéile do Leanbh Aonair	21
6.4 Róil agus Freagrachtaí do Theagmhálaí Ainmnithe	22
6.5 Tacaíocht atá Comhordaithe go Comhpháirteach	23
6.6 Tacaíocht atá faoi Stiúir ag an Scoil (Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS)	23
6.7 Tacaíocht atá faoi Stiúir ag an mBaile (Seirbhísí de chuid FSS nó atá á gCistiú ag FSS)	23
6.8 An Próiseas Caidrimh do Thacaíochtaí Shraith a Trí	23
07 Aguisíní	25
7.1 An Grúpa Oibre um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse	25-28

7.1.2 Príomhthosca Ríthábhachtacha Ratha	28
7.2 Gluais Téarmaí	29-32
7.3 Tagairtí	32-33

1 Réamhrá

1.1 Forbhreathnú ar an Soláthar Idirghabhála Teiripe i Scoileanna Speisialta

Cumasóir ríthábhachtach maidir le sochaí agus córas scoile atá ionchuimsitheach go hiomlán a chinntiú is ea tacaíocht teiripe saothair agus teiripe urlabhra agus teanga a sholáthar do leanaí agus daoine óga, ina dtimpeallacht baile agus ina dtimpeallacht scoile araon. Tugadh gealltanas i gClár an Rialtais 2025 Seirbhís Náisiúnta Teiripe Oideachais a bhunú do scoileanna. Ós rud é gur trí scoileanna speisialta a sholáthrófar céim thosaigh an chláir, dírítear sa doiciméad seo ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí a sholáthraítear do leanaí agus daoine óga laistigh de na suíomhanna sin. Bainfidh an earnáil Sláinte agus an earnáil Oideachais leas as na ceachtanna a fhoghlaimeofar ón obair sin de réir mar a leathnaíonn Seirbhís Teiripe Oideachais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) isteach i ranganna speisialta agus i scoileanna príomhshrutha.

Tríd an tSeirbhís Teiripe Oideachais a bhunú laistigh de CNOS, tugtar deis shuntasach don earnáil Sláinte agus don earnáil Oideachais seirbhís iomlánaíoch a sholáthar do leanaí agus daoine óga. Ag obair dóibh ar fud comhthéacsanna éagsúla, gnóthóidh teiripeoirí dearcthaí uathúla ón suíomh baile agus ón suíomh scoile araon. Chun an fhís uaillmhianach seo a bhaint amach, ní mór do sheirbhísí teiripe san earnáil Sláinte agus san earnáil Oideachais obair ar bhealaí comhoibríocha comhtháite chun a chinntiú go mbíonn folláine, rannpháirtíocht agus ionchuimsiú an linbh nó an duine óig i gcroílár gach cinnidh agus gach conaire.

Teastaíonn obair thrasearnála chun an bunathrú náisiúnta sin a dhéanamh, mar aon le tacaíocht ó chomhaontuithe agus ó chonairí. Forbraíodh iad sin trí chomhchruthú agus trí chomhdhearcadh, agus tá siad deartha chun cleachtais shábháilte éifeachtacha a éascú i measc teiripeoirí saothair agus teiripeoirí urlabhra agus teanga. Oibreoidh teiripeoirí saothair agus teiripeoirí urlabhra agus teanga i gcomhpháirt le raon seirbhísí sláinte agus gairmithe, agus iad ag tacú le cineálacha comhordaithe cur chuige i leith cúraim, lena n-áirítear

comhoibriú le foirne ildisciplíneacha agus rochtain ar chonairí atreoraithe ar aghaidh, i gcás gur cuí.

1.2 Cúlra

Tá thart ar 10,000 duine de leanaí agus de dhaoine óga ag freastal ar 133 scoil speisialta ar fud na tíre. Is féidir go bhfuil riachtanais éagsúla tacaíochta ag na leanaí agus na daoine óga sin, ar riachtanais chasta iad ina lán cásanna. Chun freastal ar na riachtanais sin, teastaíonn idirghabhálacha comhordaithe teiripeacha agus oideachasúla lena gcumasaítear rochtain ar an bhfoghlaim, rannpháirtíocht fhiúntach i saol na scoile, agus torthaí dearfacha forbartha. San am atá thart, ba trí Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí, trí Fhoirne Cúraim Phríomhúil agus/nó trí Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh a sholáthair seirbhísí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó atá á gcistiú ag FSS idirghabhálacha teiripeacha do leanaí agus daoine óga i scoileanna speisialta agus i suíomhanna scoile príomhshrutha araon. Bhí an méid sin sa bhreis ar an tseirbhís síceolaíochta a soláthraíodh tríd an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO).

Trí sheirbhísí teiripe saothair agus teiripe urlabhra agus teanga a leathnú laistigh de CNOS, cuirtear le héachtaí agus tionchair na dtreoirchlár a bhí ann roimhe seo agus na Seirbhíse Tacaíochta Teiripe Oideachais, atá comhchuimsithe isteach i Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS anois. Áirítear le Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS tacaíocht mharthanach do scoileanna, foghlaim ghairmiúil réigiúnach múinteoirí agus tacaíocht leantach, agus anois an tseirbhís nualeathnaithe a shannann teiripeoirí do scoileanna speisialta. Tá Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS ina cuid de mhórfhoireann laistigh de CNOS ina bhfuil Éascaitheoirí Iompraíochta agus Folláine, Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais, Comhairleoirí, agus Múinteoirí ar Cuairt, a chomhordaíonn agus a sholáthraíonn tacaíochtaí oideachais speisialta ar fud na tíre.

Agus Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS á forbairt, bunaíodh grúpa oibre chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí oibre, ar róil, ar fhreagrachtaí agus ar sholáthar comhordaithe seirbhíse ar fud seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS agus ar fud na hearnála Oideachais. Tugadh Grúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse ar an ngrúpa oibre sin, agus thionóil sé an chéad chruinniú dá chuid i mí na Samhna 2025. Bhí ionadaithe ó sheirbhísí teiripe i réimsí an oideachais, an mhíchumais agus an chúraim phríomhúil i measc na gcomhaltaí den Ghrúpa Oibre. Bhí oifigigh ón Roinn

Oideachais agus Óige (ROÓ) agus comhairleoir amháin ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) i láthair freisin. Rinneadh ionadaíocht do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh trí Ghrúpa Formhaoirseachta Sláinte agus Oideachais na Seirbhíse Teiripe Oideachais, dá dtuairiscíonn an Grúpa Oibre um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse faoi struchtúr Rialachais Clár na Seirbhíse Teiripe Oideachais. Tá an doiciméad seo bunaithe ar chaidreamh fairsing le geallsealbhóirí, lena n-áirítear faisnéis a bailíodh ó theiripeoirí, ó phobail scoile agus ó thuismitheoirí. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin gcaidreamh a rinneadh le geallsealbhóirí agus faoin rannchuidiú a rinne siad leis an gCreat seo a fháil in Aguisín 7.1.

1.3 Cuspóir an Doiciméid

Leagtar amach sa Chreat seo le haghaidh Obair le Chéile an dóigh a n-oibreoidh seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS agus seirbhísí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS le chéile chun leanúntas tacaíochtaí a sholáthar do leanaí agus daoine óga a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta. Leagtar amach ann na prionsabail uileghabhálacha le haghaidh obair chomhoibríoch idir seirbhísí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS. Soiléirítear ann róil agus freagrachtaí faoi seach na seirbhísí aonair, agus cuirtear béim ann ar a thábhachtaí atá comhoibriú éifeachtach, comhordú éifeachtach agus modhanna comhroinnte oibre ar fud seirbhísí éagsúla. Tríd an gcur chuige sin, tá sé mar aidhm leis an gCreat a chinntiú go mbíonn seirbhísí ailínithe le chéile, go seachnaítear dúbláil, agus go soláthraítear tacaíochtaí ar mhodh comhleanúnach chun freastal ar na riachtanais atá ag leanaí agus daoine óga ar an mbealach is fearr.

Chun críocha an doiciméid seo, tagraíonn an focal 'baile' do bhaile an linbh agus an duine óig agus dá t(h)impeallachtaí pobail i gcoitinne, agus tagraíonn an focal 'scoil' don timpeallacht oideachais agus do thacaíocht ghaolmhar scoilbhunaithe.

1.4 Raon Feidhme an Chreata le haghaidh Obair le Chéile

Beidh feidhm ag an gcreat seo ar dtús maidir le gach teiripeoir saothair agus teiripeoir urlabhra agus teanga laistigh de na seirbhísí de chuid CNOS agus de na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a thacaíonn le leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta. Cuimsíonn sé freisin gairmithe eile de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS ar féidir go mbeidh orthu obair go díreach le teiripeoir saothair nó teiripeoir urlabhra agus teanga de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS. Tugtar treoir ann maidir le prionsabail an

chomhoibrithe agus na hoibre comhpháirtí. Tugtar soiléire ann freisin maidir le raon feidhme seirbhíse gach earnála. Beidh an doiciméad seo i bhfeidhm fad a bheidh Snáithe a hAon de Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS á chur i bhfeidhm i scoileanna speisialta. Déanfar athbhreithniú ar an gcreat seo le linn chur chun feidhme tosaigh Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus sula gcuirfear céimeanna breise de Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS i bhfeidhm, nó déanfar athbhreithniú air laistigh de dhá bhliain ar a laghad. Is ar an Roinn Oideachais agus Óige agus ar CNOS a bheidh an phríomhfhreagracht as an doiciméad seo, agus nuashonrófar é i gcomhar le seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS. Na léargais agus na ceachtanna a thiocfaidh chun cinn, agus na nithe a fhoghlaimeofar ó na Fóraim Áitiúla Cur Chun Feidhme (rannán 5.2), cuirfidh siad bonn eolais faoi fhorbairt amach anseo an chreata seo agus cabhróidh siad le meastóireacht a dhéanamh ar an gcéim seo den tSeirbhís Teiripe Oideachais. Is ar leithligh a thuairisceofar príomhtháscairí feidhmíochta don chéim seo, mar aon leis na torthaí gaolmhara agus leis an meastóireacht ghaolmhar.

Ní thagann an creat seo in ionad aon socruithe atá ann cheana le haghaidh obair chomhoibríoch laistigh de CNOS, laistigh den earnáil Oideachais agus/nó laistigh den earnáil Sláinte. Tá obair ar siúl laistigh den earnáil Oideachais agus den earnáil Sláinte chun leanúint le hobair chomhtháite a fhorbairt ar fud mórsheirbhísí, amhail SNSO.

1.5 Beartas, Prótacail agus Nósanna Imeachta

Feidhmíonn gach eagraíocht – seirbhísí de chuid CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS – de réir a mbeartas, a nósanna imeachta, a bprótacal agus a dtreoirlínte féin ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal na príomhghníomhaireachta agus ar an leibhéal áitiúil.

Leis an gCreat seo, cloífear le treo na straitéise agus an bheartais náisiúnta. Tá sé bunaithe freisin ar an reachtaíocht reatha agus ar bheartais náisiúnta reatha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)
- An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030
- An tAcht um Míchumas 2005
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
- Oideachas Cuimsitheach do Shochaí Chuimsitheach (CNOS, 2024).
- An tAcht um Stádas Comhionann, 2000

Tá sé de fhreagracht ar CNOS, ar Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus ar sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a chinntiú go bhfuil na baill foirne uile ar an eolas faoin gCreat seo le haghaidh Obair le Chéile agus go bhfuil sé á chur chun feidhme acu agus seirbhísí á soláthar acu do leanaí agus daoine óga agus dá dteaghlach.

2.0 An Raon Feidhme Seirbhíse

2.1 Réamhrá

Beartaítear go leanfaidh na seirbhísí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS le seirbhísí a sholáthar ar aon dul lena raonta feidhme seirbhíse agus lena gcaighdeáin ghairmiúla faoi seach. Oibreoidh na seirbhísí sin i gcomhpháirt le chéile agus de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chreat seo. Urramófar sainchúraimí agus feidhmeanna ar leith gach eagraíochta ar mhaithe le soláthar seirbhíse atá comhleanúnach agus éifeachtach a chinntiú.

2.2 An Raon Feidhme Seirbhíse i Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS

Soláthraíonn Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS córas ilsrathach tacaíochta ar leibhéal uilechoiteann, spriocdhírithe agus indibhidiúlaithe. Soláthróidh Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS idirghabhálacha teiripeacha ar bhonn comhsheasmhach, arb idirghabhálacha iad lena dtacófar le hionchuimsiú gach linbh agus duine óig agus le feabhas a chur ar thorthaí oideachais. Soláthrófar idirghabhálacha teiripeacha ar fud gach sraithe den tsamhail ilsrathach tacaíochta, bunaithe ar riachtanais theiripeacha an linbh, agus aird á tabhairt freisin ar na mór-riachtanais atá ag an scoil chun tacú le gach scoláire na torthaí foghlama is fearr is féidir a bhaint amach. Is féidir go n-áireofar le hidirghabhálacha teiripeacha anailís riachtanas, pleanáil teiripe agus soláthar tacaíochtaí, de réir mar is gá. Féadfaidh leanbh tacaíochtaí ó shraith amháin nó ó gach sraith a rochtain ag an aon am amháin.

Soláthraíonn teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí saothair idirghabhálacha teiripeacha sa chomhthéacs oideachais, ag obair dóibh i gcomhpháirt le leanaí, le teaghlaigh agus leis an bpobal scoile. Díríonn an tseirbhís ar spriocanna atá iomchuí ó thaobh an oideachais de agus, an tráth céanna, cuireann sí leis an acmhainn atá ag an gcóras scoile uile oideachas ionchuimsitheach a sholáthar. Tá na tacaíochtaí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS a sholáthraítear do scoileanna i measc mórchreat tacaíochtaí comhtháite iomlánaíocha a sholáthraítear ar fud CNOS, lena n-áirítear trí Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais, trí chomhairleoirí agus trí shaintacaíochtaí seomra ranga. Buntaca leis an tsamhail um sholáthar seirbhíse is ea comhoibriú láidir idirghairmiúil idir teiripeoirí,

múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, baill foirne scoile i gcoitinne agus gairmithe iomchuí eile, lena n-áirítear SNSO.

I gcás go mbeidh leanbh ag baint leas as tacaíochtaí ar fud seirbhísí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS, oibreoidh an dá sheirbhís le chéile chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú ar fud thimpeallacht baile agus thimpeallacht scoile an linbh i réimsí amhail iad seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar theicneolaíocht chúnta, ar bhogearraí, ar idirghabhálacha agus/nó ar straitéisí do leanbh nó duine óg;
- Faisnéis atá ann cheana a d'eascair as rannpháirtíocht idirghabhála indibhidiúlaithe a bheith á comhroinnt ag teiripeoirí de chuid na Seirbhíse Teiripe Oideachais, i gcás gur cuí, chun tacú le measúnú diagnóiseach ildisciplíneach atá faoi stiúir ag seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS; agus
- Faisnéis chliniciúil iomchuí agus faisnéis atá ann cheana i gComhad Tacaíochta Scoláire an linbh nó an duine óig a sholáthar, i gcás gur cuí, mar chuid den fhaisnéis oideachais a iarrann Oifigigh Mheasúnaithe tríd an scoil nó tríd an bpróiseas CNOS atá ann cheana maidir le Measúnú ar Riachtanas Oideachais.

2.3 Nithe nach dTagann faoin Raon Feidhme Seirbhíse i Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS

Ní thagann na seirbhísí seo a leanas faoi raon feidhme Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS:

- Measúnú diagnóiseach ar ina leith is gá ionchur ildisciplíneach a fháil ó chomhthéacsanna éagsúla i saol an linbh.
- Tuarascálacha ar Mheasúnú ar Riachtanas. Ní dhéanfaidh teiripeoirí de chuid na Seirbhíse Teiripe Oideachais aon mheasúnuithe a cheanglaíonn Oifigigh Mheasúnaithe faoi alt 8 den Acht um Míchumas (2005).
- Idirghabhálacha atá faoi stiúir ag teiripeoirí agus nach bhfuil iomchuí ó thaobh an oideachais de nó nach bhfuil aon díriú scoilbhunaithe ag baint leo.
- Obair sa timpeallacht baile.

2.4 An Raon Feidhme Seirbhíse i seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS

Soláthraíonn seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh do leanaí agus do theaghlaigh ar aon dul lena gcuid luachanna, pleananna seirbhíse agus beartas. Oibríonn Seirbhísí Cúraim Phríomhúil, Foirne Líonra Míchumais Leanaí agus seirbhísí eile sláinte de réir creat comhtháite chun a chinntiú gurb í an tseirbhís is cuí dá riachtanais an tseirbhís a thacaíonn le leanaí agus daoine óga trí chonairí comhordaithe agus trí chomhoibriú idir seirbhísí. Faigheann leanaí rochtain ar Chúram Príomhúil, ar Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí agus/nó ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh bunaithe ar a riachtanais agus mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta maidir le Rochtain ar Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Míchumas agus Moill Forbartha orthu agus sa Treoirlíne Oibríochtúil do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh. Gabhfar an comhoibriú idir na seirbhísí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS de láimh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil agus de réir na dtosaíochtaí comhaontaithe seirbhíse agus na socruithe rialachais atá ann cheana, agus na brúnna oibríochtúla agus fórsa saothair atá ann ar fud na seirbhísí éagsúla á n-aithint.

2.5 Cúram Príomhúil

Is gnách gurb iad seirbhísí Cúraim Phríomhúil an chéad phointe teagmhála do leanaí nuair a thagann ábhair imní chun cinn, agus soláthraíonn siad an chéad bheart freagartha. Áirítear le seirbhísí Cúraim Phríomhúil altranas sláinte poiblí, síceolaíocht, teiripe urlabhra agus teanga, teiripe shaothair, fisiteiripe, obair shóisialach, diaitéitic, agus dochtúirí sláinte pobail. In éineacht le baill foirne ildisciplíneacha FSS, imríonn lia-chleachtóirí ginearálta agus altraí cleachtaidh ról lárnach maidir le soláthar seirbhíse cúraim phríomhúil. Tá seirbhísí Cúraim Phríomhúil á soláthar ar fud Líonraí Cúram Sláinte Pobail faoi láthair, a bhfuil 96 cinn díobh ann ar fud na tíre.

Is é an cuspóir atá le seirbhísí Cúraim Phríomhúil feabhas a chur ar shláinte an daonra trí rochtain áitiúil a sholáthar ar sheirbhísí agus trí chomhoibriú le sainseirbhísí chun cúram freagrúil comhtháite a sholáthar. Cinntear rochtain ar sheirbhísí Cúraim Phríomhúil de réir raon agus mhéid na ndeacrachtaí feidhmiúla atá ag an leanbh agus de réir an leibhéil tacaíochtaí aondisciplíneacha agus ildisciplíneacha a theastaíonn. Is ar leibhéal Cúraim Phríomhúil a fheictear leanaí a bhfuil roinnt deacrachtaí acu agus (a) nach bhfuil míchumas orthu, nó (b) a bhfuil leibhéal éadrom moille forbartha nó míchumais orthu nó a bhfuil

deacracht éadrom meabhairshláinte acu. Faigheann na leanaí sin agus a dtuismitheoirí/a gcúramóirí faisnéis, treoir, measúnuithe agus idirghabhálacha sonracha, de réir mar is cuí.

2.6 Seirbhísí Míchumais do Leanaí

Is iad Foirne Líonra Míchumais Leanaí na príomhsholáthraithe seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais chasta mhíchumais acu laistigh den chóras sláinte. Sa chomhthéacs sin, is gnách go dtagraíonn an téarma 'riachtanais chasta' do lagú amháin nó níos mó as a dtagann deacrachtaí suntasacha forbartha agus feidhmiúla agus a dteastaíonn tacaíocht chomhordaithe ó fhoireann idirdhisciplíneach míchumais ina leith. San am atá thart, ba tríd an tseirbhís sláinte a soláthraíodh idirghabhálacha teiripeacha amhail teiripe saothair agus teiripe urlabhra agus teanga. Ón mbliain 2021 i leith, athchumraíodh seirbhísí míchumais do leanaí ina bhFoirne Líonra Míchumais Leanaí a bhfuil sé mar aidhm acu samhail um sholáthar seirbhíse atá níos comhsheasmhaí, níos cothroime agus níos dírithe ar an teaghlach a sholáthar ar fud na tíre.

San am i láthair, is trí 93 Fhoireann Líonra Míchumais Leanaí ar fud na tíre a sholáthraítear idirghabhálacha teiripeacha do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu agus dá dteaghlach. Tá na foirne sin deartha chun tacaíochtaí idirdhisciplíneacha a sholáthar, ag obair dóibh i gcomhpháirt le teaghlaigh chun pleananna comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá ag teacht le tosaíochtaí agus spriocanna an linbh agus an teaghlaigh. Cé gurb iad Foirne Líonra Míchumais Leanaí na príomhsholáthraithe seirbhísí míchumais do leanaí a bhfuil riachtanais chasta mhíchumais acu, is mar chuid de mhórchóras cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a oibríonn siad. Faigheann roinnt leanaí rochtain ar thacaíochtaí trí sheirbhísí eile freisin, lena n-áirítear Cúram Príomhúil, seirbhísí géarmhíochaine, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, agus sainchláir, ag brath ar a riachtanais aonair.

Cé go leagtar amach sa tsamhail um Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí creat soiléir le haghaidh cleachtas idirdhisciplíneach atá dírithe ar an teaghlach, tá sé tábhachtach a aithint gur féidir éagsúlacht a bheith ann ó thaobh soláthar seirbhíse de mar gheall ar thosca amhail leibhéil éilimh, acmhainn fórsa saothair, agus cumraíochtaí seirbhíse áitiúla. Mar thoradh air sin, is féidir rochtain ar sheirbhísí agus uainiú na n-idirghabhálacha a bheith éagsúil ó limistéar go limistéar, de réir mar a oibríonn foirne chun leanaí a chur in ord tosaíochta bunaithe ar an riachtanas measúnaithe agus ar na hacmhainní atá ar fáil.

Leanann Foirne Líonra Míchumais Leanaí orthu ag obair laistigh de shamhail idirdhisciplíneach, áit a rannchuidíonn baill foirne a gcuid saineolais chun tacú le pleanáil

chomhordaithe cúraim. Tá sé mar aidhm leis an gcur chuige sin a chinntiú go soláthraítear tacaíochtaí ar bhealach comhtháite iomlánaíoch, agus an gá atá le forbairt leanúnach agus le neartú leanúnach seirbhísí á aithint an tráth céanna.

2.7 Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh

Soláthraíonn Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh sainmheasúnú, sain-idirghabháil agus sainchóireáil do leanaí agus daoine óga ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte atá sa raon idir measartha agus trom. Is gnách go gcuimsíonn foirne ildisciplíneacha Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh síciatraithe, síceolaithe, altraí, oibrithe sóisialacha, teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, agus gairmithe gaolmhara eile sláinte. Is trí fhoirne pobalbhunaithe a sholáthraítear seirbhísí, agus is gnách go bhfaightear atreoruithe ó lia-chleachtóirí ginearálta, ó sheirbhísí Cúraim Phríomhúil, ó scoileanna agus ó ghairmithe eile cúram sláinte. Oibríonn Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh i gcomhar le teaghlaigh, le scoileanna agus le gníomhaireachtaí eile chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta mheabhairshláinte acu agus ar aon dul le treoirlínte oibríochtúla do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.

Is ar sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a bheidh an fhreagracht as measúnú cliniciúil, as diagnóis, as pleanáil cóireála, as oidis teicneolaíochta cúnta agus as idirghabhálacha sláinte go fóill ar feadh thréimhse feidhme an chreata seo, faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil.

Nithe nach dTagann faoin Raon Feidhme do Thacaíocht FSS do Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS

- Gnáthfhreastal ar chruinnithe scoile nach mbaineann le hidirghabhálacha gníomhacha sláinte.
- Tuarascálacha a sholáthar lasmuigh de cheanglais reachtúla nó chliniciúla.
- Gnáthmhaoirseacht chliniciúil ar bhaill foirne Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS.
- Freagracht as torthaí oideachais.
- Freastal ar athbhreithnithe scoile i gcás nach bhfuil aon bhaint ghníomhach ag FSS leo.

3.0 Prionsabail Uileghabhálacha le haghaidh Obair le Chéile


3.1 Prionsabail Uileghabhálacha le haghaidh an Chreata seo le haghaidh Obair le Chéile

Tá an Creat seo le haghaidh Obair le Chéile bunaithe ar fhís leanbhláraithe agus tá sé faoi threoir na bprionsabal atá leagtha amach thíos. Sainaithníodh na prionsabail seo a bheith bunriachtanach do rath an Chreata trí obair Ghrúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse, a bhreithnigh na ceachtanna a foghlaimíodh ó raon gníomhaíochtaí caidrimh le geallsealbhóirí agus a chuir na ceachtanna sin san áireamh, lenar áiríodh ceardlanna maidir le dearadh seirbhísí, comhairliúchán le tuismitheoirí agus le caomhnóirí, agus comhairliúchán le geallsealbhóirí ar fud na hearnála Sláinte agus na hearnála Oideachais. Tá siad ag teacht leis an tuiscint go bhforbraíonn leanaí laistigh de chórais idirnasctha agus nach mór tacaíocht a chomhtháthú ar fud na gcomhthéacsanna sin chun folláine fhoriomlán, fás foriomlán agus forbairt fhoriomlán leanaí a chur chun cinn le himeacht ama. Léirítear sa léaráid thíos leanúntas tacaíochta, lena gcinntítear go bhfaigheann leanaí agus daoine óga an leibhéal ceart idirghabhála ionas gur féidir leo páirt fhiúntach a ghlacadh ina saol scoile agus ina saol baile, beag beann ar an áit a bhfuil riachtanais ann. Ba cheart tacaíocht a chomhordú ar fud suíomhanna éagsúla, i gcás gur cuí, áit a soláthródh gach eagraíocht seirbhísí de réir a feidhmeanna reachtúla agus a samhla seirbhíse féin agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil di. Tá feidhmeanna reachtúla agus socruithe rialachais ar leith ag seirbhísí Sláinte agus Oideachais, agus tá freagrachtaí reachtúla ar leith orthu, agus urramófar iad sin. Cuirfear comhoibriú chun cinn an tráth céanna. Aithnítear leis na prionsabail láidreachtaí an linbh agus riachtanais tacaíochta an linbh araon chun bonn eolais a chur faoi phleanáil seirbhíse agus faoi sholáthar seirbhíse. Chun na torthaí is fearr a bhaint amach, teastaíonn cur chuige comhsheasmhach, comhordaithe agus comhoibríoch ar fud thimpeallachtaí an linbh, lena n-áirítear in éineacht lena t(h)eaghlach sa bhaile, ar scoil, ag súgradh agus sa mhórphobal.

1. **Sonrach don Chomhthéacs:** Más sa chomhthéacs scoile a sholáthraítear teiripe, beidh sí iomchuí ó thaobh an oideachais de, beidh sí curtha in oiriúint do riachtanais leanaí

agus daoine óga, agus beidh sí ar aon dul le réaltachtaí agus cultúr a suímh scoile. Más trí sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a sholáthraítear teiripe, beidh sí curtha in oiriúint do riachtanais an linbh, dá t(h)eaghlach agus dá p(h)obal. Beidh na seirbhísí agus na tacaíochtaí uile ar aon dul le raon feidhme seirbhíse gach eagraíochta.

2. **Comhpháirtíocht Chomhoibríoch:** Comhoibreoidh teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí saothair, i gcás gur cuí agus laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, ar mhodh a aithníonn agus a urramaíonn a gcuid ról, saineolais agus freagrachtaí faoi seach agus a gcomhaltais faoi seach laistigh d'fhoirne idirdhisciplíneacha. Tacóidh an comhoibriú sin le cineálacha comhordaithe, comhtháite agus comhsheasmhacha cur chuige ar fud seirbhísí éagsúla, agus gabhfar é de láimh i gcomhpháirt leis an leanbh, lena t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí agus leis an bpobal scoile chun tacú le tuiscint chomhroinnte agus le cineálacha ailínithe cur chuige.
3. **Uasmhéadú Acmhainní:** Trí cheannaireacht láidir, trí rialachas cliniciúil soiléir agus trí chomhphleanáil a bhfuil cuspóir léi, soláthrófar leis an gcur chuige i leith obair chomhpháirteach seirbhísí leanbhláraithe lena nasctar an tOideachas agus an tSláinte. Éascófar deiseanna comhpháirteacha forbartha gairmiúla agus maoirseachta, i gcás gur cuí. Cinnteoidh sé sin ailíniú ar fud seirbhísí agus comhthéacsanna éagsúla, agus tacaíocht chomhsheasmhach éifeachtach á cur chun cinn do gach leanbh agus duine óg.



Fíor 1: Prionsabail le haghaidh Obair le Chéile

4.0 Prionsabail Oibriúcháin

4.1 Prionsabail Oibriúcháin

I bhfianaise thiomantas an rialtais do Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS a fhorbairt, comhaontaíodh na prionsabail oibriúcháin seo chun creat oibre réidh a threorú do bhaill foirne a oibríonn i Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus i seirbhísí gaolmhara de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS do leanaí agus daoine óga. Níl aon ní sna Prionsabail Oibriúcháin seo ceaptha chun na feidhmeanna reachtúla, na critéir incháilitheachta, na conairí atreoraithe, na socruithe rialachais chliniciúil, na freagrachtaí cistiúcháin ná an leithdháileadh acmhainní faoi seach a athrú i gcás seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS nó i gcás CNOS. Oibreoidh an comhoibriú laistigh de raon feidhme comhaontaithe seirbhíse gach eagraíochta, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil agus laistigh de shocruithe rialachais. Ní chruthaítear leis an gcreat aon teidlíocht uathoibríoch i leith soláthar seirbhíse déach nó comhthreomhar.

Chomhaontaigh na seirbhísí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS **obair i gcomhar le chéile chun tacú le leanaí, lena dteaghlach agus lena bpobail scoile.** Is **sonrach don chomhthéacs** atá tacaíochtaí: is i gcomhthéacs scoile an linbh a oibríonn Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS, agus is i gcomhthéacs an linbh agus an teaghlaigh a oibríonn seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS. Leis an gcreat seo, cabhrófar le teiripeoirí gníomhartha a shainaithint agus a shainiú nuair a théann tacaíochtaí do leanbh nó duine óg thar chomhthéacsanna éagsúla. Féadfaidh leanaí rochtain a fháil ar thacaíochtaí ar fud raonta feidhme difriúla seirbhíse, rud a léiríonn riachtanais oideachais agus riachtanais an linbh agus an teaghlaigh araon. I gcás go sainaithneofar sprioc teiripe saothair agus/nó sprioc teiripe urlabhra agus teanga laistigh de chomhthéacs sonrach, tiocfaidh an tseirbhís iomchuí chun bheith ina príomhsheirbhís don idirghabháil shainaitheanta nó don sprioc shainaitheanta agus glacfaidh sí freagracht as an sprioc sin.

I gcás go dteastóidh idirghabháil chomhordaithe ar fud suíomhanna oideachais agus ar fud suíomhanna sláinte araon chun freastal ar riachtanais atá sainaitheanta go soiléir, **comhoibreoidh seirbhísí le chéile** laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. I gcásanna den sórt sin, soláthrófar soláthar seirbhíse déach ar aon dul le raonta feidhme comhaontaithe

seirbhíse agus le conairí seanbhunaithe cumarsáide. I gcás go mbeidh riachtanais dhifriúla ann ar fud comhthéacsanna oideachais agus sláinte, amhail fisiteiripe agus síceolaíocht, oibreoidh seirbhísí le chéile agus **soláthróidh siad idirghabhálacha comhlántacha, de réir mar is cuí**, de réir a raonta feidhme seirbhíse faoi seach.

Cuimsíonn Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS tacaíochtaí teiripe saothair agus tacaíochtaí teiripe urlabhra agus teanga, a sholáthraítear laistigh den suíomh scoile. I gcás go dteastóidh ó leanbh ionchur cliniciúil nach dtagann faoin raon feidhme sin, is í an eagraíocht is fostóir a bheidh cuntasach agus a phléifidh le rialachas cliniciúil agus le maoirseacht ghairmiúil go fóill. Mar mhalairt air sin, chun freastal ar riachtanas linbh nó scoile, is féidir go mbeidh **tacaíochtaí oideachais breise** ar an rogha is cuí, lena n-áirítear ionchur ó mhórsheirbhísí CNOS, ó SNSO agus/nó ó mheascán de na seirbhísí uile.

Is **tacaíocht bhreise do leanaí agus daoine óga** i scoileanna í Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS. De réir mar a chuirtear an tSeirbhís Teiripe Oideachais i bhfeidhm i scoileanna speisialta, oibreoidh na seirbhísí de chuid CNOS agus na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS le chéile chun leanúnachas agus comhordú cúraim a chinntiú, ar aon dul leis na hacmhainní atá ar fáil. I gcás gur cuí ón taobh cliniciúil de, féadfar leanúint le tacaíochtaí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a sholáthar i scoileanna, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.

Coinneofar na **socruithe cistiúcháin atá ann cheana** le haghaidh teicneolaíocht chúnta i bhfeidhm. Leanfar leis an bpróiseas reatha le haghaidh an cistiú sin a rochtain, ar feitheamh athruithe a chomhaontófar ar an leibhéal náisiúnta.

Comhaontaíonn Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS faisnéis iomchuí a chomhroinnt i gcás gur gá agus gur cuí, de réir bheartais cosanta sonraí agus chomhaontuithe comhroinnte sonraí gach eagraíochta. San am i láthair, is gá do theiripeoirí toiliú feasach doiciméadaithe a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir sula bhféadfaidh siad leanaí a phlé.

5.0 Rialachas

5.1 Forbhreathnú ar Rialachas, agus Réiteach

Rialachas

Coinníonn gach eagraíocht freagracht as a rialachas féin, as a cuntasacht chliniciúil féin, as a fórsa saothair féin, as a hacmhainní féin, agus as a soláthar seirbhíse féin, laistigh dá raon feidhme seirbhíse comhaontaithe. Ní aistrítear freagrachtaí reachtúla ná eagraíochtúla idir seirbhísí leis an gcomhoibriú. Soláthróidh Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS seirbhísí, i gcomhthéacs na ról faoi seach atá ag gach eagraíocht agus i gcomhthéacs na bhfreagrachtaí faoi seach atá ar gach eagraíocht. Beidh ómós agus urraim acu don saineolas gairmiúil agus do na róil atá ag gach seirbhís agus ag gach pobal scoile. Ní mór do gach teiripeoir saothair agus do gach teiripeoir urlabhra agus teanga atá fostaithe sa dá earnáil cloí le Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice CORU agus obair de réir a gcaighdeán Cleachtais Ghairmiúil agus a Raonta Cleachtais féin. Is ar an eagraíocht is fostóir i gcónaí atá an fhreagracht as maoirseacht ghairmiúil, as rialachas cliniciúil, agus as cuntasacht ghairmiúil. Cinnteoidh gach seirbhís go gcoinneofar na caighdeáin ghairmiúla is airde ar bun maidir le rúndacht agus go mbeidh an toiliú feasach cuí ag gabháil le haon chomhroinnt faisnéise.

Tá an dualgas cúraim faoi réir shocruithe rialachais na heagraíochta is fostóir agus faoi réir shocruithe rialachais an teiripeora aonair i gcónaí de réir na gcaighdeán gairmiúil, na mbeartas eagraíochtúil, agus an raoin feidhme seirbhíse. I gcás go sainaithneofar rioscaí nó ábhair imní maidir le cumhdach, déanfaidh na seirbhísí iomchuí cumarsáid agus gníomhóidh siad go cuí de réir a bhfreagrachtaí reachtúla faoi seach, de réir a mbeartas eagraíochtúil faoi seach, agus de réir a gconairí seanbhunaithe faoi seach i leith nithe a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde.

Easaontais a Réiteach

I gcás go dtiocfaidh easaontais chun cinn maidir leis an tuairim chliniciúil, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu sin ar dtús trí phlé gairmiúil agus trí na socruithe bainistíochta líne eagraíochtúla iomchuí. Ba cheart nithe a bhaineann le hacmhainní, leis an bhfórsa saothair, leis an gcistiú, agus/nó le freagracht eagraíochtúil a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde trí struchtúir chuí rialachais agus bhainistíochta na n-eagraíochtaí faoi seach. In imthosca nach féidir é sin a dhéanamh trí struchtúir bainistíochta líne na heagraíochta, is féidir é a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde. Is trí Ghrúpa Stiúrtha na Seirbhíse

Teiripe Oideachais a leanfar le rialachas i leith chlár Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS ar an leibhéal náisiúnta. Tríd an sásra sin, agus trí naisc dhíreacha ar bhonn trasearnála, is féidir aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a imríonn tionchar ar sholáthar foriomlán seirbhísí.

5.2 Fóraim Áitiúla Cur Chun Feidhme

Ar fud na gcéimeanna tosaigh de chur chun feidhme Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS, bunófar fóraim áitiúla cur chun feidhme. Is fóraim cur chun feidhme agus chomhordúcháin iad na fóraim áitiúla cur chun feidhme, agus ní thagann siad in ionad na socruithe atá ann cheana maidir le rialachas eagraíochtúil, le bainistíocht, nó le cuntasacht chliniciúil. Cuirfidh na fóraim áitiúla cur chun feidhme ar chumas teiripeoirí agus seirbhísí go háitiúil an cur chun feidhme a phlé, naisc a bhunú sna láithreacha geografacha is cuí, na ceachtanna arna bhfoghlaim a dhoiciméadú, agus bonn eolais a chur faoi leaganacha amach anseo de Chreat le haghaidh Obair le Chéile.

6.0 Cumarsáid agus Modhanna Oibre

6.1 Conair Cumarsáide

Tá ríthábhacht ag baint leis an gcumarsáid maidir le comhordú agus comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na seirbhísí. Tá conairí cumarsáide deartha chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le tuiscint chomhroinnte ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga
- Soiléire a chinntiú maidir le róil, le freagrachtaí, agus le húdarás cinnteoireachta
- Conairí struchtúrtha comhsheasmhacha cumarsáide a sholáthar
- Laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le cuntasacht dhoiléir nó le cúram ilroinnte

6.2 Faisnéis a Chomhroinnt agus Líonraí a Fhorbairt

Tá sé tábhachtach go mbeadh sásraí soiléire i bhfeidhm ag an earnáil Sláinte agus ag an earnáil Oideachais araon chun faisnéis a chomhroinnt faoi na tacaíochtaí agus na seirbhísí a sholáthraítear do leanaí i scoileanna speisialta, le tacaíocht ó líonra struchtúrtha chun go mbeidh teiripeoirí in ann comhoibriú, cleachtas a chomhroinnt, agus tuiscint chomhroinnte a chothú ar phatrúin riachtanais. I gcás gur cuí, bunóidh Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS socruithe cumarsáide áitiúla chun tacú le comhordú agus le comhroinnt faisnéise. Mar chuid de sin, ba cheart do Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus do sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS teacht le chéile go tráthrialta ar fud na bliana, agus dhá chruinniú ar a laghad a bheith acu gach bliain. Beidh gá le comhaontú ar an leibhéal áitiúil trí CNOS agus trí na Limistéir Shláinte Réigiúnacha maidir le comhdhéanamh geografach sonrach na líonraí sin, le sceideal soiléir cruinnithe, le comhaltas, le freagracht as cruinnithe a thionól, agus leis na haschuir ionchais.

Contrapháirtithe Iomchuí a Shainaithint

Tá tuiscint shoiléir ag Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS ar na nithe seo a leanas:

- Teagmhálaithe ainmnithe is teiripeoirí nó bainisteoirí i seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS
- Sásraí comhaontaithe le haghaidh teagmhála agus comhordaithe

Tá tuiscint shoiléir ag seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS ar na nithe seo a leanas:

- Teagmhálaithe ainmnithe is teiripeoirí nó bainisteoirí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS
- Sásraí comhaontaithe le haghaidh teagmhála agus comhordaithe

6.3 Conair le haghaidh Obair le Chéile do Leanbh Aonair (Sraith 3)

I gcás go sainaithneoidh teiripeoir riachtanas linbh nó duine óig i gceachtar comhthéacs, ba cheart do theiripeoirí leibhéal agus cineál an chomhairliúcháin a theastaíonn a phlé. Ba cheart an cinneadh sin a bheith bunaithe ar an áit a dtagann riachtanais linbh le chéile ar fud na hearnála oideachais agus na hearnála sláinte, chun seirbhísí comhordaithe a chinntiú.

Ba cheart do na teiripeoirí teagmhálaí ainmnithe a chinneadh a bheidh freagrach as cúram don leanbh a chomhordú agus as a chinneadh cé atá freagrach as cibé gnéithe den tacaíocht. Chun obair le chéile a éascú, ba cheart do Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus do sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS gabháil do chomhairliúchán comhpháirteach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Spriocanna a chomhaontú
- Teagmhálaí ainmnithe a shainaithint
- Róil agus freagrachtaí a shoiléiriú
- Gach geallsealbhóir iomchuí a shainaithint
- Modhanna cumarsáide a bhunú
- Idirghabhálacha a shainaithint
- Bearnaí agus nósanna imeachta um nithe a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde a shainaithint de réir mar is cuí.
- Amlínte a chomhaontú

I gcás go mbeidh gá le hobair chomhpháirteach, taifeadfar gníomhartha comhaontaithe ar aon dul le beartas taifead gach eagraíochta. Doiciméadófar é sin ar aon dul leis an ngnáthchleachtas, lena n-áirítear laistigh de phleananna atá ann cheana amhail an Plean Tacaíochta Teaghlaigh Aonair nó an Plean Tacaíochta Scoláire, i gcás gurb infheidhme, agus ba cheart é a athbhreithniú de réir na n-amlínte comhaontaithe.

6.4 Róil agus Freagrachtaí do Theagmhálaí Ainmnithe

Ba cheart an Teagmhálaí Ainmnithe a shainaithint agus riachtanais phríomha an linbh agus an tseirbhís atá sa riocht is fearr chun freagairt laistigh dá raon feidhme seirbhíse á gcur san áireamh. Is é a bheidh sa Teagmhálaí Ainmnithe de ghnáth ná an teiripeoir a measfar go mbeidh an tionchar is mó ag a (h)idirghabhálacha ar rannpháirtíocht, feidhmiú agus torthaí an linbh ar fud suíomhanna baile, scoile, agus pobail. D'fhéadfaí an Teagmhálaí Ainmnithe a athrú le himeacht ama, ag brath ar imthosca agus ar idirghabhálacha. Áirítear na nithe seo a leanas le freagrachtaí an Teagmhálaí Ainmnithe as cúram a chomhordú:

- A chinntiú go léiríonn riachtanais an linbh go bhfuil gá le hobair chomhpháirteach
- A chinntiú go ndéantar na riachtanais a bhfuil seirbhísí de chuid FSS nó seirbhísí atá á gcistiú ag FSS freagrach astu a chomhaontú agus a dhoiciméadú
- A chinntiú go ndéantar na riachtanais a bhfuil Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS freagrach astu a chomhaontú agus a dhoiciméadú
- An méid atá á sholáthar i gcomhpháirt a chomhaontú agus a dhoiciméadú
- Aon bhearnaí sa soláthar seirbhíse a shainaithint agus a dhoiciméadú
- Aon ghníomhartha arna gcomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a shainaithint agus a dhoiciméadú
- A chinntiú go ndoiciméadaítear amlínte agus athbhreithnithe
- A chinntiú go ndéantar saincheisteanna a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde de réir mar is cuí

Níl an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as tacaíochtaí a sholáthar ar fud na seirbhísí uile. I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfar an ní a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde trí na nósanna imeachta comhaontaithe um rialachas agus um nithe a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde. Mura féidir comhoibriú a dhéanamh mar gheall ar acmhainní nó toisc nach bhfuil leanbh gníomhach le ceachtar seirbhís, déanfaidh an teiripeoir a shainaithin an riachtanas an t-atreorú cuí, cuirfidh sé/sí an riachtanas in iúl, agus leanfaidh sé/sí le tacú le riachtanais an linbh laistigh dá raon feidhme seirbhíse. Maidir le hacmhainní teoranta, le

liosta feithimh, nó le heaspa soláthair laistigh de sheirbhís amháin, ní aistrítear freagracht as feidhmeanna na seirbhíse sin chuig an eagraíocht eile dá mbarr.

6.5 Tacaíocht atá Comhordaithe go Comhpháirteach

I gcás go dtabharfar aghaidh ar spriocanna ar an mbealach is fearr trí obair le chéile ar fud comhthéacsanna baile agus scoile, soláthrófar tacaíochtaí comhordaithe i gcomhréir le plean gníomhaíochta comhpháirteach comhaontaithe, lena n-áirítear Teagmhálaí Ainmnithe a shainaithint. Comhroinnfear sonraí i gcomhréir le cleachtais chomhaontaithe, á chinntiú go gcuirfear faisnéis iomchuí agus thábhachtach in iúl de réir socruithe comhroinnte sonraí. Cinnteoidh gach seirbhís go gcoinneofar na caighdeáin ghairmiúla is airde ar bun maidir le rúndacht agus go mbeidh an toiliú feasach cuí ag gabháil le haon chomhroinnt faisnéise.


6.6 Tacaíocht atá faoi Stiúir ag an Scoil (Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS)

I gcás go gcomhaontófar gur sa chomhthéacs scoile is fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar spriocanna, treoróidh teiripeoirí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS soláthar na tacaíochta i gcomhar leis an leanbh, lena t(h)eaghlach agus/nó lena c(h)aomhnóirí, agus leis an bpobal scoile. Soláthraítear tacaíocht laistigh de chóras ilsrathach tacaíochta, agus déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn trí chainéil chomhaontaithe chumarsáide. I gcás nach mbeidh gá le hobair chomhpháirteach, coinneofar seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS ar an eolas faoi phleananna comhaontaithe agus faoin dul chun cinn trí shocruithe seanbhunaithe cumarsáide agus comhroinnte faisnéise, de réir mar is cuí, chun tacú le leanúnachas an chúraim agus le tuiscint chomhroinnte ar fud na seirbhísí.

6.7 Tacaíocht atá faoi Stiúir ag an mBaile

I gcás gur gá, déanfaidh seirbhísí cumarsáid maidir le spriocanna comhroinnte comhaontaithe trí chonairí seanbhunaithe cumarsáide lena gcinnteofar ailíniú ar fud comhthéacsanna agus formhaoirseacht chomhroinnte ar an dul chun cinn.

6.8 An Próiseas Caidrimh do Thacaíochtaí Shraith a Trí



Le comhoibriú éifeachtach ar fud seirbhísí oideachais, seirbhísí sláinte agus seirbhísí iomchuí eile, tacaítear le freagairt chomhordaithe iomlánaíoch do riachtanais an linbh nó an duine óig. Trí spriocanna a ailíniú le chéile, faisnéis iomchuí a chomhroinnt, agus tacaíochtaí a chomhordú, is féidir le seirbhísí obair le chéile chun eispéireas níos réidhe a sholáthar do leanaí agus daoine óga agus dá dteaghlach. Is féidir leis sin feabhas a chur ar rannpháirtíocht, ar ionchuimsiú agus ar thorthaí don leanbh nó don duine óg, agus dúbláil á laghdú, cumarsáid á feabhsú, agus eispéireas seirbhíse níos comhtháite agus níos comhordaithe á chruthú do theaghlaigh an tráth céanna.

7.0 Aguisíní

7.1 Grúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse

Tá an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht shainiúil seirbhíse idir seirbhísí de chuid FSS nó seirbhísí atá á gcistiú ag FSS agus Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS ina cuid lárnach de chur i bhfeidhm sábháilte éifeachtach na Seirbhíse Teiripe Oideachais, toisc go dtacaítear le soiléire do scoileanna agus do theaghlaigh léi, go gcosnaítear an cleachtas gairmiúil léi, agus go dtacaítear le comhoibriú ar fud seirbhísí léi.

Níl scaradh i gceist le féiniúlacht shainiúil seirbhíse idir Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS. Ina ionad sin, is é atá i gceist léi ná eispéireas níos soiléire agus níos sábháilte a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga. Cinntítear léi go bhfaigheann siad an tacaíocht cheart, sa suíomh ceart, ó na gairmithe cearta, gan mearbhall ná dúbláil. Trí na róil agus na freagrachtaí ar fud na Seirbhíse Teiripe Oideachais agus na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a shoiléiriú, cosnaítear leanúnachas cúraim, tacaítear le scoileanna agus le teaghlaigh a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras go muiníneach, agus cuirtear ar chumas an dá sheirbhís obair le chéile ar bhealach comhordaithe inbhuanaithe ar mhaithe leis an leanbh.

7.1.1 Comhaltaí den Ghrúpa Oibre

Thionóil Grúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse an chéad chruinniú dá chuid i mí na Samhna 2025. Rinneadh ainmniúcháin le haghaidh ionadaithe ó sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS a chomhordú tríd an bhfoireann Rochtana agus Lánpháirtíochta, agus tarraingíodh an comhaltas ó na seirbhísí míchumais agus ón gcúram príomhúil chun a chinntiú go mbeadh ionadaíocht chuí trasearnála ann. Tá an comhaltas de Ghrúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse ón earnáil Sláinte agus ón earnáil Oideachais araon leagtha amach ar bhealach níos mine thíos. Rinneadh ionadaíocht do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh trí Ghrúpa Formhaoirseachta Sláinte agus Oideachais na Seirbhíse Teiripe Oideachais, dá dtuairiscíonn Grúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais

um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse de réir struchtúr Rialachais Clár na Seirbhíse Teiripe Oideachais.

In éineacht le Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, tá ionadaíocht ó CNOS, ó sheirbhísí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó ó sheirbhísí atá á gcistiú ag FSS, ó ROÓ, ón Roinn Sláinte (RS), agus ó RLMC ar Ghrúpa Formhaoirseachta Sláinte agus Oideachais na Seirbhíse Teiripe Oideachais freisin.

Tuairiscíonn Grúpa Formhaoirseachta Sláinte agus Oideachais na Seirbhíse Teiripe Oideachais do Ghrúpa Stiúrtha na Seirbhíse Teiripe Oideachais, ar a bhfuil ionadaithe ó ROÓ, ó CNOS, ó SNSO, ón gCigireacht, ón Roinn Sláinte, ó RLMC, mar aon le saineolaí acadúil.

Comhaltas de Ghrúpa Oibre na Seirbhíse Teiripe Oideachais um Fhéiniúlacht Shainiúil Seirbhíse:

- An Príomhoifigeach, Oideachas Speisialta
- Príomhoifigigh Chúnta, Oideachas Speisialta
- Ceann na Seirbhíse Teiripe Oideachais, CNOS
- Ollamh le Teiripe Saothair agus Treoraí Cliniciúil FSS don Chlár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine a bhfuil Míchumas orthu
- Bainisteoir an Líonra Míchumais Leanaí, Cumas Éireann
- Ceann Disciplín an Chúraim Phríomhúil (Teiripe Urlabhra agus Teanga), FSS
- Ceann Disciplín an Chúraim Phríomhúil (Teiripe Saothair), FSS
- Treoraí Náisiúnta um Fheabhsú Seirbhíse, FSS (comhalta go dtí mí Eanáir 2026)
- Ceann Eatramhach na Seirbhísí Míchumais, FSS
- Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, Ionadaí Fórsa (seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS)
- Teiripeoir Saothair, Ionadaí Fórsa (seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS)
- Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, Ionadaí Fórsa (Oideachas)
- Teiripeoir Saothair, Ionadaí Fórsa (Oideachas)
- Saintreoraí Teiripe is Teiripeoir Urlabhra agus Teanga de chuid CNOS
- Saintreoraí Teiripe is Teiripeoir Saothair de chuid CNOS
- Teiripeoir Saothair, FSS
- Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, FSS
- Speisialtóir Cliniciúil/Comhairleoir Teiripe, RLMC
- Treoraí Forbartha Lánpháirtíochta Réigiúnaí na nGairmeacha Cúraim Shóisialaigh agus na Seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS, FSS

Comhroinneadh na freagrachtaí cathaoirleachta ar bhonn uainíochta idir ROÓ agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS. Ba iad Nicola Jones, Oideachas Speisialta, ROÓ, agus Rosie Gowran, Treoraí Cliniciúil an Chláir Chliniciúil Náisiúnta do Dhaoine a bhfuil Míchumas orthu, FSS, na Comhchathaoirligh ar an ngrúpa seo.

Ina theannta sin, bhí forbairt an Chreata seo bunaithe ar chaidreamh fairsing le geallsealbhóirí, lenar áiríodh caidreamh trasearnála trí ghrúpaí oibre, trí fhócasghrúpaí agus trí cheardlanna le hionadaithe ón earnáil Sláinte agus ón earnáil Oideachais, agus trí agallaimh agus ceardlanna maidir le dearadh seirbhísí de chuid na Seirbhíse Teiripe Oideachais lena raibh baint ag ionadaithe ó scoileanna, ó ghrúpaí tuismitheoirí, agus ó sheirbhísí sláinte agus oideachais. Spreagadh comhaltaí de na grúpaí rialachais teagmháil a dhéanamh lena n-eagraíochtaí faoi seach agus lena líonraí gairmiúla faoi seach ar fud an phróisis forbartha chun ionchur níos leithne ó gheallsealbhóirí a chinntiú, chun dearcthaí éagsúla a ghabháil, agus chun bonn eolais a chur faoi bheachtú leanúnach an Chreata. Is mian leis an nGrúpa Oibre aitheantas foirmiúil a thabhairt do na geallsealbhóirí uile a thug aiseolas agus léargais le linn chéim an chomhairliúcháin, rud a bhí mar bhonn eolais faoi fhorbairt an phrótacail seo, agus is mian leis buíochas foirmiúil a ghabháil leo.

Chomhaontaigh an Grúpa na Téarmaí Tagartha seo a leanas:

- An raon feidhme seirbhíse a shainiú do theiripeoirí saothair agus do theiripeoirí urlabhra agus teanga laistigh den tSeirbhís Teiripe Oideachais, lena n-áirítear caidreamh le leanaí agus daoine óga, le teaghlaigh, agus le pobail scoile. An raon feidhme seirbhíse a shainiú do theiripeoirí saothair agus do theiripeoirí urlabhra agus teanga laistigh de Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS, lena n-áirítear caidreamh le leanaí agus daoine óga, le teaghlaigh, agus le pobail scoile.
- An raon feidhme seirbhíse a shainiú do theiripeoirí saothair agus do theiripeoirí urlabhra agus teanga i seirbhísí leanaí a mhéid a bhaineann sé le caidreamh leis an tSeirbhís Teiripe Oideachais agus le tacaíocht do leanaí i suíomhanna scoile. An raon feidhme seirbhíse a shainiú do theiripeoirí saothair agus do theiripeoirí urlabhra agus teanga i seirbhísí leanaí a mhéid a bhaineann sé le caidreamh le Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus le tacaíocht do leanaí i suíomhanna scoile.
- Ról Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS a shoiléiriú maidir le hobair le tuismitheoirí/teaghlaigh sa chomhthéacs baile, agus breac-chuntas a thabhairt ar na bealaí gaolmhara cumarsáide.

- Róil agus freagrachtaí atá soiléir agus sainiúil a bhunú do theiripeoirí saothair agus do theiripeoirí urlabhra agus teanga ar fud na Seirbhíse Teiripe Oideachais agus na seirbhísí do leanaí.
- Aiseolas a bhailiú ó sheirbhísí, ó Limistéir Shláinte Réigiúnacha, agus ó fhócasghrúpaí chun bonn eolais a chur faoi raonta feidhme cleachtais molta do sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS agus don earnáil Oideachais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise maidir le samhlacha seirbhíse scoilbhunaithe chun bonn eolais a chur faoi mholtaí maidir le féiniúlacht shainiúil seirbhíse.
- Na cúraimí ar fearr iad a chur i gcrích i suíomhanna scoile nó baile a shainaithint, agus an tseirbhís is cuí chun gach ceann acu a threorú a chinneadh.
- Deiseanna a shainaithint le haghaidh obair chomhpháirteach agus cineálacha cur chuige chun dúbláil a íoslaghdú ar fud earnálacha.
- Tuarascáil chomhdhlúite a ullmhú ina mbeidh moltaí maidir le féiniúlacht seirbhíse do Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus do sheirbhísí atá ann cheana, lena n-áirítear na chéad chéimeanna eile agus na réimsí a dteastaíonn tuilleadh athbhreithnithe ina leith.
- Beartais, conairí agus creataí a fhorbairt don tSeirbhís Teiripe Oideachais, agus ailíniú á chinntiú ar fud earnálacha éagsúla agus tacaíocht á tabhairt do chumarsáid.
- Cur chun feidhme céimnithe na Seirbhíse Teiripe Oideachais i scoileanna speisialta a threorú, agus ailíniú le creataí beartais agus oibríochtúla á chinntiú, agus an méid arna fhoghlaim a thaifeadadh chun bonn eolais a chur faoi na céimeanna ina dhiaidh sin.

7.1.2 Príomhthosca Ríthábhachtacha Ratha

Forbraíodh an Creat seo ar an mbonn go bhfuil ról tábhachtach ag gach rannpháirtí sa chóras Sláinte agus Oideachais maidir leis an gclaochlú ar tugadh tuairisc air roimhe seo sa doiciméad seo a bhaint amach.

7.2 Gluais Téarmaí

Téarma	Sainmhíniú
Seirbhís Teiripe Oideachais	Soláthraíonn Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS Teiripeoirí Saothair agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga a úsáideann samhail ilsrathach tacaíochta do leanaí agus daoine óga ar scoil. Áirítear le córas ilsrathach tacaíochta idirghabhálacha ar leibhéal uilechoiteann, spriocdhírithe agus indibhidiúlaithe.
Iomchuí ó thaobh an oideachais de	Na spriocanna atá le baint amach ag leanbh nó duine óg thar thréimhse áirithe ama i gcomhthéacs scoile/oideachais. Áirítear leis seo na straitéisí, na hacmhainní agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun cabhrú le leanbh nó duine óg a spriocanna a bhaint amach i gcomhthéacs scoile/oideachais. Tá sé tábhachtach a aithint go mbeidh spriocanna ag forluí ar a chéile sa timpeallacht baile agus sa timpeallacht scoile.
Torthaí atá iomchuí ó thaobh an oideachais de	Áirítear leis na torthaí atá iomchuí ó thaobh an oideachais de faoi láthair neamhspleáchas, braistint chómhuintearais agus braistint cheangailteachta leis an scoil, gnóthachtáil acadúil, tinreamh, agus torthaí deireadh scoile, agus cuirtear chun cinn leo rannpháirtíocht, rannpháirteachas agus feidhmíocht fheidhmiúil leanaí agus daoine óga ar scoil. Forbraíodh na torthaí atá liostaithe thuas ar aon dul leis an bpáipéar comhairle beartais a d'fhoilsigh CNOS sa bhliain 2014, ina leagtar amach cúig phríomhthoradh do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. ▪ Torthaí a bhaineann le gnóthachtáil acadúil (amhail litearthacht, uimhearthacht, torthaí scrúdaithe) ▪ Torthaí a bhaineann le tinreamh (amhail tinreamh scoile, luathfhágáil scoile). ▪ Torthaí a bhaineann le sonas (amhail muinín, féinmheas, táscairí cáilíochta beatha) ▪ Torthaí a bhaineann le neamhspleáchas (amhail scileanna sóisialta, scileanna neamhspleáchais). (Douglas et al, 2012) ▪ Torthaí deireadh scoile (Torthaí scrúduithe stáit, dul chun cinn chuig an bhfostaíocht, chuig an mbreisoideachas agus chuig an ardoideachas, chuig seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS, etc.)
Teiripeoir de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS	Teiripeoirí a oibríonn in CNOS, a sholáthraíonn tacaíocht do leanaí agus daoine óga sa chomhthéacs scoile.
Teiripeoir de chuid Seirbhísí de chuid FSS nó atá á gCistiú ag FSS	Teiripeoirí a oibríonn i seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS, a oibríonn i gcomhthéacs an linbh agus an teaghlaigh.

Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach	Comhchruthaítear an Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach. Déantar faireachán agus athbhreithniú tráthrialta ar an dul chun cinn agus ar an bhfreagairt don idirghabháil, agus taifeadann an teiripeoir ainmnithe agus aon teiripeoirí comhoibríocha an t-eolas is deireanaí sa Phlean Gníomhaíochta Comhpháirteach. Tá athbhreithniú ar an bhfreagairt don idirghabháil ina phróiseas comhoibríoch lena mbaineann teiripeoirí, múinteoirí, tuismitheoirí nó caomhnóirí, agus an leanbh nó an duine óg.
Creat le haghaidh Obair le Chéile	Sainítear sa Chreat seo an dóigh a gcomhoibreoidh seirbhísí Oideachais agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS le chéile, an dóigh a gcomhroinnfidh siad faisnéis le chéile, agus an dóigh a gcomhordóidh siad idirghabhálacha teiripeacha chun comhspriocanna a bhaint amach agus chun soláthar seirbhíse atá comhsheasmhach, sábháilte agus éifeachtach a chinntiú do leanaí agus daoine óga, ina gcomhthéacs iomchuí.
Teagmhálaí Ainmnithe	Tá an teagmhálaí ainmnithe freagrach as cúram a chomhordú, a sholáthar agus a fhormhaoirsiú laistigh d'fhoireann ildisciplíneach nó ilghníomhaireachta. Gníomhaíonn an teagmhálaí ainmnithe mar phointe teagmhála lárnach i gcásanna casta, agus é/í ag cinntiú go gcomhtháthaítear idirghabhálacha ó ghairmithe difriúla isteach i bplean comhtháite atá dírithe ar an leanbh nó an duine óg. Braitheann sainaithint an teagmhálaí ainmnithe ar an gcomhthéacs ina sainaithnítear an riachtanas nó tá sí nasctha leis an gcomhthéacs sin.
Anailís Riachtanas	Tá Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS freagrúil do chomhthéacsanna oideachais agus tá sí faoi threoir ag riachtanais. Féadfar tacaíochtaí de chuid Sheirbhís Teiripe Oideachais CNOS a thionscnamh i gcás go sainaithneofar riachtanas oideachais ar leibhéal an linbh, an ranga nó na scoile. Is féidir comhairliúchán, socrú spriocanna comhroinnte, iniúchtaí timpeallachta, breathnóireachtaí oideachais, pleananna tacaíochta scoláire agus/nó fionnachtana measúnuithe cliniciúla a bheith i gceist le hanailís riachtanas. Is é an cuspóir atá léi na tacaíochtaí, na straitéisí agus na hidirghabhálacha a theastaíonn chun rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus torthaí oideachais a fheabhsú a chinneadh, seachas incháilitheacht le haghaidh seirbhísí a shuí.
Riachtanas a Shainaithint	A shainaithint cá dteastaíonn tacaíocht ó leanbh nó duine óg i riocht straitéisí agus/nó acmhainní chun cabhrú leis/léi a spriocanna a bhaint amach sa chomhthéacs iomchuí, i.e., sa bhaile/ar scoil. Is féidir le tuismitheoirí, le teaghlaigh, le teiripeoirí, le pobail scoile nó le pearsana eile an riachtanas a shainaithint. Tar éis an riachtanas agus an comhthéacs gaolmhar a shuí, is féidir an príomhchliniceoir a shainaithint. Is é an Leanúntas Tacaíochta an creat atá leagtha amach sna treoirlínte ón Roinn maidir le teagasc oideachais speisialta agus a mbaineann scoileanna úsáid as chun láidreachtaí agus riachtanais tacaíochta leanaí agus daoine óga a shainaithint.

Riachtanais Speisialta Oideachais	De réir an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, ciallaíonn riachtanais speisialta oideachais, i ndáil le duine, sriantacht maidir le cumas an duine chun páirt a ghlacadh san oideachas agus tairbhiú den oideachas de dheasca míchumas marthanach coirp, céadfa, meabhairshláinte nó foghlama nó de dheasca aon riocht eile arb é an toradh atá air nach bhfoghlaimíonn duine ar an tslí chéanna le duine nach bhfuil an riocht sin air nó uirthi.
Pobal Scoile	Tagraíonn an téarma 'pobal scoile' do cheannairí scoile, do lucht bainistíochta scoile, do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta agus coimhdirí bus, do scoláirí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí.
Raon Feidhme Cleachtais	Nithe a thagann faoi chleachtas gach gairme agus gach teiripeora aonair. Is le dlíthe, le rialacháin agus le caighdeáin ghairmiúla a shainítear é seo.
Raon Feidhme Seirbhíse	Sainchúram comhaontaithe seirbhíse. Is le beartais, le samhlacha seirbhíse, le plean seirbhíse agus le straitéis a shainítear é seo.
Seirbhísí de chuid FSS nó atá á gCistiú ag FSS	Áirítear le tagairtí do sheirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS gníomhaireachtaí atá á gcistiú ag FSS, amhail gníomhaireachtaí alt 38 agus alt 39.
Seirbhísí agus Gairmithe Oideachais de chuid FSS nó atá á gCistiú ag FSS	Gairmithe cáilithe ar fud na seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS agus ar fud na n-earnálacha Oideachais a oibríonn i gcomhar le chéile chun tacú le leanaí agus daoine óga. Áirítear leis seo freisin, mar shampla, Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais agus Comhairleoirí de chuid CNOS agus Síceolaithe de chuid SNSO.
Idirghabhálacha Teiripeacha	Sraith gníomhartha/próiseas a ghabhann teiripeoirí de láimh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta oideachais ar mhaithe le rannpháirtíocht san fhoghlaim a mhéadú. Tá idirghabhálacha ina bpróiseas atriallach a chuimsíonn anailís riachtanas, measúnú, cleachtas comhoibríoch atá dírithe ar spriocanna ar leibhéal an linbh, an ranga nó na scoile, agus ionchur díreach do mhúinteoirí agus do scoláirí. Ag brath ar an idirghabháil, is féidir cóitseáil ghníomhach agus samhaltú gníomhach, moltaí leantacha agus modhnuithe timpeallachta a bheith i gceist leis an idirghabháil theiripeach freisin.
Plean Tacaíochta Teaghlaigh Aonair	Cuireann Foirne Líonra Míchumais Leanaí de chuid FSS plean le chéile maidir leis na spriocanna ar ina dtreo a oibreoidh siad chun leas linbh nó duine óig. Tugtar plean tacaíochta teaghlaigh aonair air sin.
Plean Tacaíochta Scoláire	Tá plean tacaíochta scoláire ina dhoiciméad indibhidiúlaithe ina leagtar amach spriocanna sonracha foghlama, straitéisí sonracha teagaisc agus idirghabhálacha spriocdhírithe sonracha do scoláire a bhfuil riachtanais bhreise oideachais nó riachtanais speisialta oideachais aige/aici.

Táirge Cúnta	De réir an tsainmhínithe ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, is é is táirge cúnta ann aon táirge seachtrach, a tháirgtear go speisialta nó atá ar fáil i gcoitinne, arb é an príomhchuspóir atá leis feidhmiú agus neamhspleáchas duine aonair a chothabháil nó a fheabhsú agus, ar an tslí sin, folláine an duine aonair sin a chur chun cinn.
Comhroinnt Sonraí	Comhaontaíonn Seirbhís Teiripe Oideachais CNOS agus seirbhísí de chuid FSS nó atá á gcistiú ag FSS faisnéis iomchuí a chomhroinnt i gcás gur gá agus gur cuí, de réir bheartais cosanta sonraí agus chomhaontuithe comhroinnte sonraí gach eagraíochta. San am i láthair, is gá do theiripeoirí toiliú feasach doiciméadaithe a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir sula bhféadfaidh siad leanaí a phlé.

7.3 Tagairtí

An tAcht um Míchumas 2005

- Rialtas na hÉireann. (2005). An tAcht um Míchumas 2005. [Ar líne]. https://www.irishstatutebook.ie/. An Nuashonrú is Déanaí: 2005. Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/14/enacted/en/html [Arna rochtain an 24 Aibreán 2026].

Oideachas Cuimsitheach do Shochaí Chuimsitheach: Páipéar Comhairle Beartais maidir le Scoileanna agus Ranganna Speisialta

- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS). (2024). Oideachas Cuimsitheach do Shochaí Chuimsitheach. [Ar líne]. https://ncse.ie/. An Nuashonrú is Déanaí: Bealtaine 2024. Ar fáil ag: https://ncse.ie/wpcontent/uploads/2024/05/An_Inclusive_Education_for_an_Inclusive_Society_NCSE_Policy_Advice_Paper_7.pdf. [Arna rochtain an 24 Aibreán 2026].

An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030

- An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. (2025). An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030. [Ar líne]. https://www.gov.ie/. An Nuashonrú is Déanaí: 2025. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/department-of-children-disability-and-equality/publications/national-human-rights-strategy-for-disabled-people-2025-2030-formats [Arna rochtain an 24 Aibreán 2026].

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

- Na Náisiúin Aontaithe. (1990). Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. [Ar líne]. https://www.unicef.org/. An Nuashonrú is Déanaí: 1990. Ar fáil ag:

https://www.unicef.org/child-rights-convention/convention-text [Arna rochtain an 24 Aibreán 2026].

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)

- Na Náisiúin Aontaithe. (2008). Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). [Ar líne]. https://www.un.org/. An Nuashonrú is Déanaí: 2008. Ar fáil ag: https://www.un.org/disabilities/documents/convention/convoptprot-e.pdf [Arna rochtain an 24 Aibreán 2026].

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Clinical Design & Innovation
Person-centred, co-ordinated care